

# “Tabhair aire duit féin!” Ag fágáil slán ag daoine



**Tuiscint & forbairt foclóra**

Tabhair aire duit féin ...;  
cuimhneoidh mé ...; bí i dteagmháil



**Feasacht teanga**

An fhoirm choibhneasta san  
aimsir fháistineach



**Scileanna cumarsáide**

Ag fágáil slán ag daoine i  
gcomhthéacsanna éagsúla

## A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

### 1. Líon na bearnaí

Féach siar ar an mír físe, más gá, chun na bearnaí a líonadh leis an bhfocal cuí.

mhaith/maith ór ná airgead / airgead ná ór	i dteannta/i dteagmháil uaire/uair	abhus/thall ort/fút
---	---------------------------------------	------------------------

- Sonny:** An bhfuil tú cinnte go bhfuil chuile rud agat?
- Che:** Cé mhéad \_\_\_\_\_ a chaithfeas mé a rá leat, Dad? Tá.  
Ní chaillfinn amach ar an am breise seo le mo mhuintir, ar \_\_\_\_\_.
- Vince:** Seo, sula n-imíonn tú. Déanta leis na pónairí is fearr i g*Colombia*.
- Che:** Go raibh míle maith agat. Cuimhneoidh mé \_\_\_\_\_ agus mé ag ithe *gabagool*.
- Vince:** Tabhair aire duit féin. Ní mar a chéile an dream \_\_\_\_\_ agus an dream atá anseo.
- Che:** Tá an ceart uilig aige. Dad?
- Sonny:** Tabhair aire duit féin, a mhac.
- Che:** Tabharfaidh. Mam...
- Crystal:** Tabhair thusa aire \_\_\_\_\_ duit féin.
- Che:** Tabharfaidh.
- Crystal:** Bí slán agus coinnigh \_\_\_\_\_.
- Che:** Cinnte. *Yeah*. Sin mise. *Phew*. *Ok*. Slán.

**2. Mo mhuintir**

a) Cad is brí leis na focail seo?

Muintir	Clann	Teaghlach

**3. Slán**

Cuir na frásaí thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

tar slán ó rud	
talamh slán a dhéanamh de rud	

**4. Thall**

Roghnaigh ceann amháin de na focail thíos chun na bearnaí a líonadh:

**abhus / anonn / anall / thall**

- Chuaigh sé \_\_\_\_\_ go Bostún ar thóir oibre.
- Bhí an saol níos fusa \_\_\_\_\_ i Meiriceá ag an am.
- Tháinig sé \_\_\_\_\_ ó Mheiriceá chun freastal ar an ollscoil.
- An bhfuil sé \_\_\_\_\_ anseo nó thall ansin?

## B: FEASACHT TEANGA

### A chaitheas

5. Chonaic muid sa mhír go ndúirt Che ‘a chaitheas’ in áit ‘a chaithfidh’. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí plé ar an difríocht idir ‘a chaitheas’ agus ‘a chaithfidh’. Féach ar an mír físe arís.

a chaithfidh	
a chaitheas	

6. Féachaigí ar an dá shampla thíos. Níor cheart an ‘s’ sin a chur leis an mbriathar mura bhfuil an mhír choibhneasta ‘a’ ag teacht roimhe, mar shampla:

Sin an áit a rachas mé ar saoire.      ACH      Rachaidh mé ar saoire ansin.

Tá an fhoirm choibhneasta den bhriathar coitianta go leor sa chaint, ach níl sí chomh coitianta céanna sa Ghaeilge scríofa. Is amhlaidh atá sí ‘taobh amuigh’ den Chaighdeán Oifigiúil. Fós féin, is gné thábhachtach den Ghaeilge í. Líonaigí na bearnaí sna habairtí thíos leis an bhfoirm choibhneasta den bhriathar (sa chaint). Tá na habairtí ar fad san aimsir fháistineach. Bígí cúramach áfach! Ní bheidh an fhoirm choibhneasta sin, a úsáidtear sa chaint, oiriúnach i gcónaí:

a) Cuirfidh mé téacs nuair a _____ mé na torthaí	faigh
b) _____ sé ag an obair ag a naoi a chlog.	bí
c) Cuirfidh sí glooch nuair a _____ sí sa bhaile.	bí
d) _____ an fhírinne amach, tá mé cinnte faoi sin.	tar
e) Dúirt sé liom go m_____ sé ag teacht.	bí
f) Creidfidh sí é nuair a _____ sí an scéal iomlán.	clois
g) Beidh sé soiléir nuair a _____ muid ar ball beag é.	pléigh
h) Tá mé cinnte gurb ise a _____ é.	déan
i) _____ mé leo amárach é, ach ní mó ná sásta a bheas siad.	abair

## C: CUMARSÁID

---

### 1. Ransú intinne

Baineann na ceisteanna seo thíos le bealaí éagsúla chun slán a fhágáil ag daoine. Pléigí na ceisteanna leis na daoine eile sa ghrúpa. Ceapaigí duine amháin ón ngrúpa chun nótaí a scríobh mar beidh bhur gcuid tuairimí agus frásaí ag teastáil ar ball beag.

- Conas a deir sibh féin 'slán' le cairde a fheiceann sibh gach lá? Cathain a phógann sibh daoine agus sibh ag fágáil slán ag a chéile?
- Cad iad na rudaí praiticiúla a deir sibh le daoine agus iad ag imeacht? Mar shampla: 'An bhfuil tú cinnte go bhfuil chuile rud agat?'
- Conas a léiríonn daoine buíochas as an am a chaith siad le chéile?  
Mar shampla: 'Míle buíochas as gach rud.'
- An cuimhin libh na bealaí eile a bhí san fhíseán chun a rá le duine a bheith cúramach agus a bheith i dteagmháil?
- Conas a chuireann daoine grá agus cion in iúl agus iad ag fágáil slán ag a chéile?
- Pléadh cúpla frása san fhíseán, a úsáidtear chun slán a fhágáil i gcomhthéacs foirmiúil. An cuimhin libh iad? An féidir libh cur leo? Conas is féidir deireadh a chur le ríomhphost foirmiúil?

### 2. Rólghníomhaíochtaí

Bígí ag obair i mbeirteanna anois agus tugaigí faoi na rólghníomhaíochtaí seo a leanas. Bígí ag smaoineamh ar na samplaí a luadh san obair ullmhúcháin go dtí seo. Caithfidh sibh slán a fhágáil ag a chéile. Bígí cinnte róil a mhalartú le haghaidh gach rólghníomhaíochta.

- Tá tú féin agus cara leat ag cóisir. Tá fonn ortsa dul abhaile ach ba mhaith le do chara fanacht tamall eile.
- Tá do dheartháir ag dul go Nua-Eabhrac don samhradh.
- Thug do chol ceathrar cuairt ort ar feadh seachtaine agus tá siad ag imeacht anois.
- Tá tú ag obair i siopa éadaí agus tá custaiméir (a chaith go leor airgid sa siopa) ag imeacht.
- Tá duine de do chuid chairde ag bogadh go dtí scoil eile.

**3. Plé**

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

- Taobh amuigh de **na focail** a úsáidtear in Éirinn, cad iad na leaganacha eile a úsáidtear chun slán a fhágáil ag daoine? Féach siar ar an bhfíseán, más gá.
- Conas a athraíonn an chomharthaíocht choirp i gcomhthéacsanna éagsúla agus muid ag fágáil slán ag daoine in Éirinn – ar scoil, san obair, i gcomhdháil, i gcóisir agus mar sin de?
- Ní hionann an chomharthaíocht choirp a úsáidtear i gcultúir éagsúla agus daoine ag fágáil slán ag a chéile i gcomhthéacsanna foirmiúla. Cad a dhéantar sna tíortha seo thíos? Déanaigí taighde, más gá.

An Eoraip	
An tSeapáin	
An tSín	
An Ind	

**4. Scríobh**

Tá do chomhghleacaí ag fágáil na hoibre. Scríobh ríomhphost chucu chun slán a rá agus chun buíochas a ghabháil leo as an obair ar fad atá déanta acu.

# FREAGRAÍ

## A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

### 7. Líon na bearnaí

Féach:

- Sonny:** An bhfuil tú cinnte go bhfuil chuile rud agat?  
**Che:** Cé mhéad **uair** a chaithfeas mé a rá leat, Dad? Tá.  
 Ní chaillfinn amach ar an am breise seo le mo mhuintir, ar **ór ná ar airgead**.  
**Vince:** Seo, sula n-imíonn tú. Déanta leis na pónairí is fearr i g**Colombia**.  
**Che:** Go raibh míle maith agat. Cuimhneoidh mé **ort** agus mé ag ithe **gabagool**.  
**Vince:** Tabhair aire duit féin. Ní mar a chéile an dream **thall** agus an dream atá anseo.  
**Che:** Tá an ceart uilig aige. Dad?  
**Sonny:** Tabhair aire duit féin, a mhac.  
**Che:** Tabharfaidh. Mam...  
**Crystal:** Tabhair thusa aire **mhaith** duit féin.  
**Che:** Tabharfaidh.  
**Crystal:** Bí slán agus coinnigh i **dteagmháil**.  
**Che:** Cinnte. *Yeah*. Sin mise. *Phew*. *Ok*. Slán.

### 8. Mo mhuintir

Féach:

**muintir**, *f. (gs. ~e, pl. ~eacha)*. **1. Lit:** Household, community, family; associates, adherents, followers; party, retinue. (Of monastic community) ~ **Phádraig, Bhríde**, St. Patrick's, St. Brigid's, community. **2. (a)** Kinsfolk, family. **Mo mhuintir**, my folks. ~ **m'athar**, my father's people. **An mhuintir a chuaigh romhainn**, our forbears. *D'imigh mo mhuintir féin as an áit*, my own people have left the place. *(b)* Parents. **Tá a mhuintir marbh**, his parents are dead. **3.** Folk, people. ~ **na hÉireann, Dhoire**, the people of Ireland, of Derry. ~ **na cathrach, na tuaithe**, the city, country, people. ~ **na n-oileán, na gcnoc**, island, hill, folk. ~ **na háite**, the local people. ~ **an tí**, the people of the house. **An mhuintir a rabhamar ag caint orthu**, the people we were talking about. *An mhuintir a chuaigh amach*, those who went out. **An mhuintir mhóra, bheaga**, the adults, the children. **Cuid na ~e eile**, other people's property. **4. (a)** (With certain surnames) **M~ Dhorchaigh, Laoire, Shearcaigh**, the Darcys, O'Learys, O'Sharkeys. **Fear de Mhuintir Anluain é**, he is one of the O'Hanlons, an O'Hanlon. *(b)* (In certain place-names) **M~ Dhuinnín**, the Dinneen country. *(c) Com:* Messrs. **5.** (In phrases) **Teach ~e**, dwelling-house. **Fear na ~e**, close relative. *Pádraig mo mhuintire*, my brother, Patrick. **I dteach na ~e eile**, in a house that is not one's own, in a strange house. *S.a. AOIS 1.*

**clann**, *f.* (*gs.* -ainne, *npl.* ~a, *gpl.* ~). **1.** Children, offspring. ~ **mhac, iníonacha**, family of sons, of daughters. **Seisear clainne**, six of a family. ~ **clainne**, grandchildren, descendants. **Ag iompar clainne**, with child, pregnant. *Lánúin gan chlann*, childless couple. ~ **an dá dheartháir, an dá dheirfiúr, an dearthár is na deirfiúr**, (particularized terms for) first cousins. *S.a.* DUINE 3 (e), TINNEAS 2. **2.** Race, descendants. ~ **a Gael**, the Gaels. ~ **a Néill**, the race of Niall. (Usually in reference to Mac- surnames) ~ **Dónaill, Mhic Ruairí**, the McDonnells, McRorys. *S.a.* MÍLE<sup>2</sup>2. **3.** (*a*)*Hist:* Followers. ~ **Liútair**, the Lutherans. ~ **Bhullaí**, the Williamites. (*b*)*Mod. Hist:* ~ **na Poblachta**, C. na P. political party. **4. Lit:** Plant. **5.** (*Of hair*) Lock. **6. Weaving:** Two interlocked threads on warping frame.

**teaghlach**, *m.* (*gs. & npl.* -aigh, *gpl.* ~). **1.** Household, family. **Duine den ~**, a member of the household, one of the family. **Tá siad ~ mór ann**, they are a large family. **An chéad duine den ~**, the first of the family. **Ag tógáil teaghlaigh**, rearing a family. **Saol teaghlaigh**, domestic life. **2. Lit:** Domestic establishment; household troops; retinue. **3 = TEALLACH<sup>1</sup>.**

## 9. Slán

Féach:

<b>tar slán ó</b>	Tháinig muintir an tí slán ón tine.
<b>talamh slán a dhéanamh de rud</b>	Beidh mé ann, cinnte. Is féidir talamh slán a dhéanamh de sin.

## 10. Thall

Roghnaigh ceann amháin de na focail thíos chun na bearnaí a líonadh:

**abhus / anonn / anall / thall**

- Chuaigh sé **anonn** go Bostún ar thóir oibre.
- Bhí an saol níos fusa **thall** i Meiriceá ag an am.
- Tháinig sé **anall** ó Mheiriceá chun freastal ar an ollscoil.
- An bhfuil sé **abhus** anseo nó thall ansin?

## B: FEASACHT TEANGA

### A chaithfeas

11. Féach:

<b>a chaithfidh</b>	An aimsir fháistineach den bhriathar 'caith'.
<b>a chaithfeas</b>	Tá nós sa chaint an deireadh 's' sin a chur le briathra i ndiaidh na míre coibhneasta 'a'. Tugtar 'an fhoirm choibhneasta' – <i>the relative form</i> – air sin.

## 12. Féach:

a) Cuirfidh mé téacs nuair a gheobhas mé na torthaí.	faigh
b) Beidh sé ag an obair ag a naoi a chlog.	bí
c) Cuirfidh sí glooch nuair a bheas sí sa bhaile.	bí
d) Tiocfaidh an fhírinne amach, tá mé cinnte faoi sin.	tar
e) Dúirt sé liom go mbeidh sé ag teacht.	bí
f) Creidfidh sí é nuair a chloisfeas sí an scéal iomlán.	clois
g) Beidh sé soiléir nuair a phléifeas muid ar ball beag é.	pléigh
h) Tá mé cinnte gurb ise a dhéanfas é.	déan
i) Déarfaidh mé leo amárach é, ach ní mó ná sásta a bheas siad.	abair

## C: CUMARSÁID

## 1. Ransú intinne

- a) Ádh mór! / Tabhair aire! / Tóg go bog é! / Feicfidh mé thú! / Chífidh mé thú! / Beimid ag caint. Braitheann an dóigh a bhfágann daoine slán ag daoine eile ar phearsantacht an duine. Ní hionann na nósanna atá againn in Éirinn agus i dtíortha eile san Eoraip. Ní gnáthnós é póg a thabhairt do dhuine taobh amuigh den teaghlach, is dócha. Ach, tá sé ag éirí níos coitianta anois póigíní a thabhairt do chairde agus daoine ag fágáil slán ag a chéile.
- b) An bhfuil tú cinnte go bhfuil chuile rud agat? / Ar thug tú leat do phas? / Cén t-am a mbeidh tú ag leaindeáil? / An bhfuil tú te go leor? / An bhfuil buidéal uisce agat?
- c) Míle buíochas as gach rud. / Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an am a chaith muid le chéile. / Go raibh míle maith agat as an bhfáilte ghnaíúil. / Bhí sé go hálainn tú a fheiceáil. / Míle buíochas as gach rud.
- d) Tabhair aire duit féin. / Coimhhead thú féin! / Go dté tú slán! / Go n-éirí an t-ádh leat! / Abair le ... go raibh mé ag cur a thuairisce. / Coinnigh i dteagmháil! / Ná déan coimhthíos. / Ná bíodh sé i bhfad go dtaga tú arís.
- e) Grá mo chroí thú! / Déan croí isteach liom. / Tabhair barróg dom. / Aireoidh mé uaim go mór thú. / Cronóidh mé thú. / Cuimhneoidh mé ort nuair a ...
- f) Guím gach rath ort amach anseo. / Ba mhór an pléisiúr é a bheith ag obair leat. / Go dtí go gcasfar ar a chéile arís muid. / Is trua liom go bhfuil tú ag imeacht. / Ní mar a chéile a bheidh an áit gan tú.  
Deireadh le ríomhphost: Le gach dea-ghuí / Le dea-mhéin / Beir bua / Beir beannacht / Beannachtaí.



## 5. Rólghníomhaíochtaí

Tabhair deis do gach beirt na rólghníomhaíochtaí a dhéanamh faoi dhó agus na ról a mhalartú. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo. Iarr ar gach beirt an rólghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.

## 6. Plé

Tuairimíocht atá i gceist leis an gcuid seo den cheacht. Tarraingítear aird le linn na gníomhaíochta ar na bealaí eile atá ann chun cumarsáid a dhéanamh, in Éirinn agus i gcéin. Féach:

<b>An Eoraip</b>	Is gnáthrud é lámh a chroitheadh le duine.
<b>An tSeapáin</b>	Umhlaíonn daoine.
<b>An tSín</b>	Claonann daoine an ceann agus umhlaíonn siad.
<b>An Ind</b>	Umhlaíonn siad agus cuireann siad na bosa le chéile ag an ucht.

## AN SCRIPT

### Intreoir:

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 15. Tabhair aire duit féin – ag fágáil slán ag daoine.

Ní bhíonn sé éasca slán a fhágáil ag duine, go háirithe má tá tú ag imeacht ó dhuine a bhfuil tú mór leo. Is minic a theipeann an chaint orainn mar go dtagann tocht orainn agus muid ag rá *slán* le daoine. Is féidir mar sin féin, scileanna agus frásaí úsáideacha a fhoghlaim chun cuidiú leat slán a fhágáil ag daoine a bhfuil cion agus meas agat orthu. *Saying goodbye to loved ones can be an emotional affair and we are often times left without words.* Sa cheacht seo, feiceann muid Che ag fágáil slán ag a thuismitheoirí. Bíodh an Kleenex in aice láimhe, mar bainfidh sé na deora asaibh.

### An mhír físe ó Ros na Rún:

Sonny: An bhfuil tú cinnte go bhfuil chuile rud agat?  
 Che: Cé mhéad uair a chaithfeas mé a rá leat, Dad? Tá.  
 Ní chaillfinn amach ar an am breise seo le mo mhuintir, ar ór ná ar airgead.  
 Vince: Seo, sula n-imíonn tú. Déanta leis na pónairí is fearr i g*Colombia*.  
 Che: Go raibh míle maith agat. Cuimhneoidh mé ort agus mé ag ithe *gabagool*.  
 Vince: Tabhair aire duit féin. Ní mar a chéile an dream thall agus an dream atá anseo.  
 Che: Tá an ceart uilig aige. Dad?  
 Sonny: Tabhair aire duit féin a mhac.  
 Che: Tabharfaidh. Mam...  
 Crystal: Tabhair thusa aire mhaith duit féin.  
 Che: Tabharfaidh.  
 Crystal: Bí slán agus coinnigh i dteagmháil.  
 Che: Cinnte. *Yeah*. Sin mise. *Phew*. *Ok*. Slán.

### Ar thuig tú?

- An bhfuil tú cinnte go bhfuil chuile rud agat? Is minic a chloistear a leithéid agus daoine ag imeacht óna chéile. *Have you got everything?*
- Cé mhéad uair a chaithfeas mé a rá leat? *How many times will I have to tell you?* ‘A chaithfeas’, sin an fhoirm choibhneasta de ‘a chaithfidh’, a úsáidtear go minic sa chaint. Ach tuilleadh faoi sin ar ball beag.
- Ní chaillfinn amach ar an am breise seo le mo mhuintir. *I wouldn't miss out on this extra time with my family, my people.* Ó an peata beag. Tá sé galánta.
- Ar ór ná ar airgead – *for love nor money, literally for gold nor silver.*
- Cuimhneoidh mé ort – *I'll think of you.*
- *Gabagool* – Cineál *salami* a itheann siad i Meiriceá.
- Tabhair aire duit féin! *Look after yourself!*
- An dream thall – *the folks over there*. Dream – grúpa daoine.
- Coinnigh i dteagmháil! *Keep in touch!*

**Ar thug tú faoi deara?**

Mar atá pléite againn go minic sna sraitheanna seo, ní hionann an Ghaeilge a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil agus an Ghaeilge a úsáidtear sa chaint neamhfhoirmiúil. Dúirt Che sa mhír, ‘cé mhéad uair a chaithfeas mé a rá leat’. ‘a chaithfeas’ sin ‘a chaithfidh’. Uaireanta, nuair a bhíonn an mhír choibhneasta ‘a’ ag teacht roimh bhriathar, cuirtear **s** beag ag deireadh an bhriathair sa chaint. Tugtar an fhoirm choibhneasta – *the relative form* – air sin.

Seo roinnt samplaí eile:

a dhúnfaidh	a dhúnfas
a phléifidh	a phléifeas
a bhrisfidh	a bhrisfeas

Cloistear na leaganacha seo de na briathra mírialta go minic sa chaint:

a bheidh	a bheas
a chloisfidh	a chloisfeas
a dhéanfaidh	a dhéanfas
a déarfaidh	a déarfas
a gheobhaidh	a gheobhas
a thiocfaidh	a thiocthas
a rachaidh	a rachas

**Spotsolas ar an gcumarsáid**

Caithfidh muid spotsolas anois ar na bealaí éagsúla atá ann chun slán a fhágáil ag duine. Tá na frásaí 'slán leat' agus 'slán go fóill' ar eolas againn ar fad, ar ndóigh, ach, bíonn i bhfad níos mó ná na focail sin ag teastáil de ghnáth le slán a rá le duine sa ghnáthchumarsáid.

I gcomhthéacsanna laethúla neamhfhoirmiúla, mar shampla, is minic nach é 'slán' a deir muid ar chor ar bith ach na frásaí seo a leanas.

Ádh mór!

Tabhair aire!

Tóg go bog é!

Feicfidh mé thú! / Chífidh mé thú!

Beimid ag caint!

Éiríonn an scéal níos casta nuair a bhíonn mothúcháin láidre i gceist, mar a chonaic muid sa chomhrá idir Che agus a mhuintir ar ball. Breathnóidh muid arís ar chuid de na rudaí a dúirt siad:

**1. Rudaí praiticiúla/mionchaint:**

Is minic a tharraingítear aird ar rudaí praiticiúla agus daoine ag imeacht chun mothúcháin na hócáide a mhaolú. Féach cad a dúirt Sonny bocht agus Che ag imeacht:

An bhfuil tú cinnte go bhfuil chuile rud agat?

Deirtear a leithéidí seo go minic freisin:

Ar thug tú leat do phas?  
Cén t-am a mbeidh tú ag leaindeáil?

### 2. Buíochas a ghabháil:

Is minic freisin a ghabhann muid buíochas as an am a chaith muid le chéile, sula gcuireann muid chun bóthair. An cuimhin leat cad é a dúirt Che?

Ní chaillfinn amach ar an am breise seo le mo mhuintir, ar ór ná ar airgead.

Seo cúpla sampla eile:

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an am a chaith muid le chéile.

Go raibh míle maith agat as an bhfáilte ghnaíúil.

Bhí sé go hálainn tú a fheiceáil.

Míle buíochas as gach rud.

### 3. Grá/cion a léiriú:

Is maith linn an deis a thapú grá a léiriú ag an nóiméad deireanach freisin le frásaí ar nós:

Grá mo chroí thú.

Déan croí isteach liom. / Tabhair dom barróg.

Baintear úsáid as frásaí mar seo chun *I'll miss you* a rá:

Aireoidh/braithfidh mé uaim go mór thú. Nó Cronóidh mé thú, (mar a deirtear ó thuaidh).

Nó mar a dúirt Che, 'Cuimhneoidh mé ort nuair a ...

### 4. Beannachtaí:

Agus ba mhaith linn i gcónaí a rá le daoine a bheith cúramach agus sábháilte. Mar a dúirt Sonny:

Tabhair aire duit féin.

Seo cúpla ceann eile:

Coimhead thú féin!

Go dté tú slán!

Go n-éirí an t-ádh leat!

Abair le ... go raibh mé ag cur a thuairisce

### 5. Coinnigh i dteagmháil:

Is annamh freisin nach n-iarrann muid ar na daoine atá ag fágáil a bheith i dteagmháil linn. Frásaí ar nós:

Coinnigh i dteagmháil!

Ná déan coimhthíos.

Ná bíodh sé i bhfad go dtaga tú arís.

Ar ndóigh, bheadh frásaí eile ag teastáil i gcomhthéacs foirmiúil, mar shampla, dá mbeadh comhghleacaí leat ag fágáil na hoibre:

Guím gach rath ort amach anseo.  
Ba mhór an pléisiúr é a bheith ag obair leat.  
Go dtí go gcasfar ar a chéile arís muid.

Anois, slán agaibhse, a chairde Gael. Seo é deireadh na sraithe don bhliain seo. Ba mhór an pléisiúr é a bheith ag obair libh. Tugaigí aire daoibh féin agus bígí ag obair libh ar snas.ie go dtí go gcasfar ar a chéile arís muid. Slán go fóill.

